



A Chairde,

Beatha agus sláinte. Tá súil againn gur chaith sibh Nollaig shíochánta agus guímid gach ádh ar phobal na scoile don bhliain nua.

Tá foireann Scoil Naomh Ciarán ag obair go crua le seachtain anuas ag cur pleananna i dtoil a chéile do pháistí na scoile. Tá muid ar ais ag obair ar líne agus beidh muid ag seoladh obair abhaile chuig na gasúir le déanamh ar Seesaw (Rang Cháit & Clíona) agus ar Class Dojo. (Rang Éabha) Beidh Máistir Seán ag cur obair ar "Padlet" agus is féidir le na grúpaí atá ag obair leis an obair a fháil ar sin. Beidh sé ag cur obair do pháistí aonarach suas ar Seesaw. Beidh nasc Padlet & Seesaw Máistir Seán ag dul amach ar téacs chugaibh.

Cuirfidh na múinteoirí clár ama oibre suas ar na suíomhanna seo gach Luain. Is féidir libh obair ón mbaile a uaslódáil ar na suíomhanna aon am den lá, ach beidh na múinteoirí ar fáil i rith na hamanna seo 9:20 agus 3:00 i.n. chun ceartúcháin a dhéanamh agus ceisteanna a fhreagairt.

Cuirfidh na múinteoirí físeáin éagsúla ar na suíomhanna le ceachtanna a mhíniú más gá. Ní bheidh múinteoirí ar fáil le glaochanna zoom. Beidh 'fhios againn tar éis an chéad tseachtain cén chaoi an bhfuil an obair ag dul, agus beidh muid in-ann níos mó / níos lú obair a shocrú ag brath ar aiseolas uaibhse. Déanfar athbhreithniú ar na socrúcháin seo más rud é go gcuirtear síneadh ama leis an dianghlasáil.

Seo thíos na socrúcháin maidir le bailiúchán leabhra scoile Dé Luain, 11ú Eanáir:

- Is féidir le tuistí / caomhnóirí pairceáil i gcarrchlós an tséipéil nó thíos ag an bpríomhbhóthar aon am idir 9:00 - 10:00 r.n.
- Iarrtar ar thuistí / caomhnóirí fanacht sa gcarr.
- Tiocfaidh foireann na scoile chugaibh le fillteáin / obair na ngasúir a thabhairt daoibh.

Tabhair aire daoibh féin.

Ba mhaith linn meabhrú daoibh go bhfuil a fhios againn nach gnáth am é seo agus déanaigí an méid gur féidir libh. Tuigimid go bhfuil sibhse ag obair chomh maith céanna agus nach gnáth rud é an múineadh ag baile. Is é bhur sláinte & meabhair shláinte an rud is tabhachtaí i láthair na huaire. Déan an méid atá sibh in-ann ach ná bíodh brú ar aon duine. Is leor 3 uair a chloig sa lá a chaitheamh ar obair scoile acadúil ar nós léamh & scríobh gaeilge & béarla, mata go háirithe sna hArdranganna. Déanaigí cinnte go bhfuil am agaibh le rudaí deasa ar nós spóirt, ceol, ealaín, siúlóidí, cócaireacht agus ceardaíocht, mar déantar iad seo ar scoil freisin.

Is iondúil go sileann an curaclam isteach i ngíomhaíochtaí laethúla. Más rud é go ndéanann tú cócaireacht le do pháiste smaoinigh ar sin mar cheacht Mata, mar tá sibh ag tomhais agus ag meachán. Má imríonn sibh cluichí ar nós Monopoly tá sibh ag plé le cúrsaí airgeadais. Nuair atá do pháiste sa bhaile ag déanamh na gnáth rudaí laethúla agus ag cabhrú leat tá tú ag múineadh scileanna tábhachtacha saoil dóibh freisin, ná dean dearmad ar sin.

Gaeilge, Béarla, Mata

Nuair a bheidh muid ar ais i suíomh na scoile arís tá sé i gceist againn diriú isteach ar an Ghaeilge, an Bhéarla agus an Mata ar feadh an chead mhí ar ais. Mar sin ná bíodh inní oraibh. Idir an dá linn bígí go deas libh fhéin agus tabhair aire.

Tá aiféal orainn go bhfuil an scoil ag dúnadh do mhí Eanáir, ach is rud é seo a chaitheamh a dhéanamh chun sláinte an Phobail a chinntiú. Is am fíor aisteach agus go deimhin fíor inníoch é seo inár saol. Is beag ar cheap muid an t-am seo anuraidh go mbeadh a leithead ag tárlú ar fud an domhain. Tá muid ag maireachtáil tríd tréimhse stairiúil go cinnte. Le cúnamh Dé feicfidh muid rudaí ag feabhsú ó thaobh an Chóibhéid i mbliana.

Is fada linn go bhfeicfidh muid arís sibh. Fanaigí slán, agus tabhair aire dhaoibh féin.

Le meas, Foireann Scoil Naomh Ciarán

